GNÍOMH DAONLATHAIS

# Glac páirt i mbréagchomhaireamh toghcháin a úsáideann an córas vótála PR-STV

## Ábhair

- Taispeántas sleamhnán
- Bileog breacnótaí – ceann do gach scoláire
- An tábla torthaí – ceann do gach scoláire
- Bileog leideanna an tábla torthaí – cóip amháin don mhúinteoir
- Cártaí ionaid – cóip amháin, sé chárta san iomlán
- Páipéir bhallóide thaispeána – cóip amháin gearrtha ina 48 páipéar ballóide
- Bileog oibre: Vóta a chaitheamh i do thoghcheantar – cóip amháin do gach scoláire
- Bord fada nó sé dheasc ar leith chun páipéir bhallóide a chomhaireamh
- Fáiscíní páipéir chun páipéir bhallóide a cheangal le chéile ó chomhairimh éagsúlas
- Nótaí greamaitheacha agus pinn chun bearta páipéar ballóide a lipéadú

## Measúnú chun foghlama/ Príomhscileanna

- Cumarsáid
- Obair le daoine eile
- Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú



## Tagairtí

Faisnéis do Shaoránaigh – Ionadaíocht Chionmhar

**www.citizensinformation.ie/ga/government_in_ireland/elections_and_referenda/voting/proportional_representation.html**

A Guide to Ireland's PR-STV Voting System

**www.housing.gov.ie/sites/default/files/publications/files/pr-stv_guide.pdf**

What is STV?

**www.electoral-reform.org.uk/wp-content/uploads/2017/06/What-is-STV.pdf**

33rd Dáil general election results

**data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/electoralProcess/electionResults/dail/2020/2020-05-01_33rd-dail-general-election-results_en.pdf**

Electoral Act 1992

**www.irishstatutebook.ie/eli/1992/act/23/section/118/enacted/en/html**

The votes have been cast and the count is ready to begin - what happens now?

**www.thejournal.ie/election-count-2625985-Feb2016**

Mayo election count 2011

**www.youtube.com/watch?v=DibOhAbCkw4**

## Réamhrá

Bain úsáid as an bpacáiste ceachta seo chun bréagchomhaireamh toghcháin a reáchtáil i do rang. Lean céimeanna 1 go 4 chun an córas toghcháin in Éirinn a mhíniú. Tugtar eolas faoin gcomhaireamh féin i gcéim 5.



Bain úsáid as **Bileog leideanna an tábla torthaí** (féach leathanach 12) mar threoir don chéad dá chomhaireamh. (Beidh éagsúlacht bheag i dtorthaí na gcomhaireamh ina dhiaidh sin gach uair a dhéanann tú an cleachtadh seo, mar gheall ar an ngné fhánach.) Nuair a fheictear an tsiombail seo, ciallaíonn sé gur cheart an tábla torthaí a líonadh.

Tá an comhaireamh PR-STV casta. Mar sin, cleachtaigh an próiseas roimh ré. Cuimhnigh, áfach, nach bhfuil ann ach bréagchomhaireamh toghcháin agus ná bí buartha má dhéantar botúin sa phróiseas.

# Forbairt

## 1 Tabhair réamhrá don vótáil in Éirinn

**SLEAMHNÁN 3**

Taispeáin an chéad fhíseán ar an leathanach gréasáin.

## 2 Déan na córais toghcháin dhifriúla in Éirinn agus sa RA a phlé

**SLEAMHNÁN 4**

Mínigh go n-úsáidtear ionadaíocht chionmhar le haonvóta inaistrithe (PR-STV) in Éirinn i gcomhair ár dtoghcháin. Úsáidtear an córas seo freisin i dTionól Thuaisceart Éireann, i Málta agus i gcodanna áirithe den Astráil.

Úsáidtear córas an Chéad Duine Abhaile (FPTP) chun Teachtaí Parlaiminte a thoghadh chuig Teach na dTeachtaí sa Ríocht Aontaithe. Tá roinnt daoine ag stocaireacht chun é a athrú chuig córas ionadaíochta cionmhaire, cé gur reáchtáladh reifreann chun é a athrú in 2011 agus dhiúltaigh muintir na RA dó.

Taispeáin ceann amháin de na físeáin nó an dá cheann chun an difríocht idir an dá chóras a mhíniú.

**Tabhair faoi deara:** Ní thagraítear go díreach do chóras na hÉireann sna físeáin ach do choincheap an vóta inaistrithe.

## 3 Mínigh go bhfuil neart córas toghcháin eile ann

**SLEAMHNÁN 5**

Mínigh go bhfuil neart córas toghcháin difriúil eile ann agus tabhair achoimre ghairid ar an gcóras dhá bhabhta. Mura mbuann aon iarrthóir tromlach glan sa chéad bhabhta, reáchtáiltear an dara babhta agus vótálann daoine arís.

**SLEAMHNÁN 6**

Baintear úsáid as an gcóras dhá bhabhta i gcóras thoghchán uachtaránachta na Fraince. Léirítear torthaí thoghchán uachtaránachta na Fraince in 2017 sa sleamhnán.

Sa chéad bhabhta, sheas 11 iarrthóir sa toghchán agus chaith breis is 35 milliún duine vóta ar an 23 Aibreán. Toisc nach bhfuair aon duine de na hiarrthóirí tromlach glan, chuaigh an bheirt iarrthóirí leis an líon vótaí is mó, Emmanuel Macron agus Marine Le Pen, ar aghaidh chuig an dara babhta agus cuireadh an chuid eile acu as an áireamh.

Reáchtáladh an dara babhta vótála coicís ina dhiaidh sin. Bhí an deis ag gach vótálaí sa Fhrainc vóta a chaitheamh arís agus rogha a dhéanamh idir an bheirt iarrthóirí le bheith ina (h)Uachtarán. Fuair Emmanuel Macron 66% de na vótaí agus fógraíodh é mar Uachtarán na Fraince.

## 4 Taispeáin conas a aistrítear vótaí i dtoghchán PR-STV

**SLEAMHNÁN 7**

Anois, dírigh arís ar chóras na hÉireann, PR-STV.

Taispeáin ceann amháin de na físeáin nó an dá cheann ina n-imlínítear conas a aistrítear vótaí i dtoghchán PR-STV.

**SLEAMHNÁN 8**

Tá sé tábhachtach a thuiscint go bhfuil dhá bhealach ann chun vótaí a aistriú.

Má chuirtear iarrthóir as an áireamh, aistrítear a pháipéir bhallóide ar fad. Is fiú vóta amháin gach páipéar ballóide. Tar éis an aistrithe, ní bhíonn aon pháipéar ballóide ag an iarrthóir a cuireadh as an áireamh

Má fhaigheann iarrthóir sa bhreis ar an gcuóta, ní aistrítear ach an barrachas. Ní fiú ach codán áirithe de vóta gach páipéar ballóide. Úsáidtear foirmle speisialta chun an luach sin a ríomh, mar a fheicfear ar ball beag. Ina dhiaidh sin, bíonn líon an chuóta de pháipéir bhallóide ag an iarrthóir tofa ar deireadh; cuirtear barrachas na bpáipéar ballóide i gcairn iarrthóirí eile.

## 5 Comhair na páipéir bhallóide

### Mínigh an comhaireamh agus an leagan amach

**SLEAMHNÁN 9**

Mínigh don rang go ndéanfaidh siad na páipéir bhallóide i mbréagthoghchán a chomhaireamh agus páipéir bhallóide réamhlíonta á n-úsáid acu.

Tabhair **Bileog breacnótaí** (féach leathanach 10) agus cóip den **Tábla torthaí** (féach leathanach 11) do gach scoláire le líonadh mar a théann an comhaireamh ar aghaidh.

Leag na sé **chárta ionaid** (féach leathanaigh 14-19) amach ar bhord fada nó ar shé dheasc ar leith.

Mínigh go bhfuil ionad na VÓTAÍ MILLTE ann do pháipéir bhallóide atá neamhbhailí toisc nár líonadh isteach i gceart iad nó nár líonadh isteach ar chor ar bith iad. Mar shampla, mura bhfuil an chéadrogha marcáilte, tá páipéar ballóide neamhbhailí.

**Tabhair faoi deara:** Ba cheart go bhfaighfí trí vóta millte. Is iad na trí pháipéar ballóide dheireanacha iad ar na leathanaigh inchlóite.

### AN CHÉAD CHOMHAIREAMH

**SLEAMHNÁN 10**

Measc na páipéir bhallóide le chéile.

**Tabhair faoi deara:** Céim thábhachtach is é meascán na bpáipéar ballóide toisc go mbíonn méid áirithe seans i gceist le haistriú na bpáipéar ballóide.

Comhair na páipéir bhallóide agus scríobh an uimhir seo ar an tábla torthaí sa bhosca **Vótaíocht iomlán**.

Seiceáil cén t-iarrthóir a fuair an vóta uimhir 1 ar gach páipéar ballóide bailí agus cuir gach páipéar os comhair an chárta ionaid chuí.

Más rud é nár líonadh aon pháipéar ballóide i gceart nó nár líonadh é ar chor ar bith, cuir iad os comhair an chárta ionaid Vótaí Millte agus scríobh an uimhir sin sa tábla torthaí sa bhosca **Millte**.

**SLEAMHNÁN 11**

Ríomh an vótaíocht bhailí trí vótaí millte a dhealú ón vótaíocht iomlán, agus scríobh an uimhir sin sa bhosca **Vótaíocht bhailí**.

Iarr ar scoláirí an cuóta a ríomh leis an bhfoirmle:

$$\left(\frac{\textit{Vótaíocht Bhailí.}}{\textit{suíocháin } +1}\right) + 1$$

Scríobh an uimhir sin sa bhosca **Cuóta** sa tábla torthaí.

**Tabhair faoi deara:** Sa sampla seo, tá 48 páipéar ballóide agus trí vóta millte, agus mar sin ríomhtar an cuóta mar a leanas:

$$\left(\frac{45}{2+1}\right) + 1 = 16$$

**SLEAMHNÁN 12**

Comhair líon na bpáipéar ballóide i ngach carn.

Scríobh “An céad chomhaireamh” agus líon na bpáipéar ballóide ar nóta greamaitheach, greamaigh ar bharr an chairn é agus ceangail an carn i mbeart le fáiscín páipéir.

**Tabhair faoi deara:** Tá sé tábhachtach na páipéir bhallóide le haghaidh comhairimh dhifriúla a scaradh óna chéile: ná fág an chéim seo ar lár mar sin.

Scríobh an toradh do gach iarrthóir sa tábla torthaí sa cholún **Comhaireamh 1.**

**SLEAMHNÁN 13**

Seiceáil má d’éirigh le haon iarrthóir an cuóta a bhaint amach.

Sa chomhaireamh seo, faigheann Bella Farmer 24 vóta céadrogha, agus toghtar í mar sin.

Scríobh a hainm sa tábla torthaí faoi **Iarrthóirí tofa**.

**SLEAMHNÁN 14**

Seiceáil go bhfuil an tábla torthaí líonta isteach ag gach duine.

Suimigh na huimhreacha sa cholún agus scríobh é sa tsraith **Iomlán**; ba chóir go mbeadh an t-iomlán sin mar an gcéanna leis an vótaíocht bhailí.

Sin deireadh leis an gcéad chomhaireamh.

## AN DARA COMHAIREAMH

### SLEAMHNÁN 15

As seo amach, tá an méid a tharlaíonn i ngach comhaireamh ag brath ar cibé ar toghadh iarrthóir sa chomhaireamh roimhe sin nó nár toghadh.

**Tabhair faoi deara:** Sa sampla seo, toghadh Bella le **barrachas 8** sa chéad chomhaireamh, agus aistreofar 8 vóta sa dara comhaireamh mar sin chuig iarrthóirí eile.

## Conas vótaí barrachais iarrthóirí a toghadh a aistriú

### SLEAMHNÁN 16

Mínigh nach bhfuil ach **8 vóta** – barrachas Bella – ar fáil le haistriú chuig iarrthóirí eile. Caithfidh sise 16 – an cuóta – a choinneáil di féin.

Chun an chaoi a roinnfear na 8 vóta sin i measc na n-iarrthóirí eile a ríomh, áfach, caithfear páipéir na n-iarrthóirí tofa, **24 ar fad, a scrúdú**.

### SLEAMHNÁN 17

Pioc suas páipéir bhallóide an iarrthóra tofa agus cuir iad i gcairn na n-iarrthóirí eile de réir an iarrthóra a fuair an chéad rogha eile. Más rud é gur tugadh vóta uimhir 2 d'iarrthóir a toghadh nó a cuireadh as an áireamh, déan neamhaird de agus téigh ar aghaidh chuig vóta uimhir 3, agus mar sin de.

Má tá aon pháipéir bhallóide gan rogha eile orthu, cuir i leataobh iad, comhair iad agus scríobh an uimhir sin i mbosca na b**Páipéar neamh-inaistrithe** le haghaidh an dara comhaireamh.

Comhair líon na bpáipéar ballóide a aistríodh chuig carn gach iarrthóra agus scríobh é ar nóta greamaitheach leis an lipéad "Páipéir bhallóide aistrithe".

### SLEAMHNÁN 18

Bain úsáid as an bhfoirmle chun líon na vótaí a fhaigheann gach iarrthóir sa chomhaireamh seo a ríomh.

Déantar **iomlán na mballóidí inaistrithe** a ríomh trí na páipéir neamh-inaistrithe a dhealú ó líon iomlán bhallóidí an iarrthóra tofa atá i gceist sa chomhaireamh seo.

### SLEAMHNÁN 19

Taispeáin conas a oibríonn sin trí shampla Polly Bird a úsáid.

Déan an rud céanna i gcomhair gach iarrthóra chun na vótaí a fhaigheann siad sa chomhaireamh seo a ríomh.

Scríobh na torthaí i gcomhair gach iarrthóra sa cholún **Comhaireamh 2** den tábla torthaí. Scríobh líon na vótaí a aistríodh sa cholún **Aistriú**. Suimigh é sin leis na vótaí a fuair siad sa chéad chomhaireamh agus scríobh an t-iomlán sa cholún **Iomlán**.

**SLEAMHNÁN 20**

Seiceáil go bhfuil an tábla torthaí líonta isteach ag gach duine.

I gcás an iarrthóra a toghadh sa chomhaireamh roimhe sin, scríobh an barrachas mar uimhir lúide sa cholún **Aistriú**, agus scríobh an cuóta sa cholún **Iomlán**.

Suimigh na huimhreacha sa cholún agus scríobh é sa tsraith **Iomlán**; ba chóir go mbeadh an t-iomlán sin mar an gcéanna leis an vótaíocht bhailí.

**SLEAMHNÁN 21**

Anois caithfear na páipéir bhallóide a atheagrú ionas go léirítear an colún **Iomlán** sa tábla leo.

I gcomhair gach iarrthóra:

1 Pioc suas na páipéir bhallóide a aistríodh don chomhaireamh seo.

2 Ag tosú ag **barr** an chairn, comhair líon na vótaí a fhaigheann an t-iarrthóir agus cuir ar ais iad i gcarn an iarrthóra sin.

3 Cuir an chuid eile de na páipéir bhallóide ar ais i gcarn an iarrthóra tofa ónar tháinig siad i dtosach.

4 I gcomhair gach iarrthóra a fuair vótaí aistrithe, scríobh "Dara comhaireamh" agus líon na bpáipéar ballóide ar nóta greamaitheach, greamaigh ar bharr an chairn de pháipéir aistrithe é agus ceangail an carn i mbeart le fáiscín páipéir.

Ag deireadh an phróisis seo:

- tá líon an chuóta de vótaí i gcarn an iarrthóra tofa
- tá a mbeart bunaidh de chéadroghanna ag gach iarrthóir atá ag dul ar aghaidh, móide páipéar ballóide le haghaidh gach vóta a ríomhadh go bhfuair siad sa chomhaireamh seo

**Tabhair faoi deara:** Sa sampla seo, críochnaíonn Polly Bird an dara comhaireamh lena cúig pháipéar ballóide bunaidh, móide páipéar ballóide aistrithe amháin. Ní mór go bhfaigheadh Bella Farmer 16 dá páipéar ballóide ar ais.

**SLEAMHNÁN 22**

Seiceáil má d'éirigh le haon iarrthóir an cuóta a bhaint amach. Sa chás seo, níor éirigh.

Sin deireadh leis an dara comhaireamh.

## AN TRÍÚ COMHAIREAMH (agus comhairimh ina dhiaidh sin)

**SLEAMHNÁN 23**

Arís eile, tá an méid a tharlaíonn anseo ag brath ar má toghadh iarrthóir sa chomhaireamh roimhe sin.

**Tabhair faoi deara:** Sa sampla seo, cuirtear Jackie Russell as an áireamh sa tríú comhaireamh.

## Conas vótaí iarrthóirí a chuirtear as an áireamh a aistriú

### SLEAMHNÁN 24

Mínigh go bhféadtar vótaí **ar fad** na n-iarrthóirí a aistriú nuair a **chuirtear as an áireamh** iad, má bhíonn an chéad rogha eile marcáilte orthu.

### SLEAMHNÁN 25

Pioc suas **gach** páipéar ballóide de chuid an iarrthóra a cuireadh as an áireamh agus bain na nótaí greamaitheacha agus fáiscíní páipéir díobh. Cuir i gcairn na n-iarrthóirí eile iad de réir an iarrthóra a fuair an chéad rogha eile. Más rud é gur tugadh vóta uimhir 2 d'iarrthóir a toghadh nó a cuireadh as an áireamh, déan neamhaird de agus téigh ar aghaidh chuig vóta uimhir 3, agus mar sin de.

Má tá aon pháipéir bhallóide gan rogha eile orthu, cuir i leataobh iad, comhair iad agus scríobh an uimhir sin i mbosca na b**Páipéar neamh-inaistrithe** le haghaidh an chomhairimh seo.

Comhair líon na bpáipéar ballóide aistrithe i ngach carn.

### SLEAMHNÁN 26

Scríobh uimhir an chomhairimh agus líon na bpáipéar ballóide ar nóta greamaitheach, greamaigh ar bharr an chairn é agus ceangail an carn i mbeart le fáiscín páipéir.

Scríobh na torthaí i gcomhair gach iarrthóra sa cholún don chéad chomhaireamh eile den tábla torthaí. Scríobh líon na vótaí a aistríodh sa cholún **Aistriú**. Suimigh é sin lena n-iomlán don chomhaireamh roimhe sin agus scríobh an t-iomlán sa cholún **Iomlán** don chomhaireamh seo.

I gcás an iarrthóra a cuireadh as an áireamh, scríobh líon iomlán a vótaí mar uimhir lúide sa cholún **Aistriú** agus scríobh 0 sa cholún **Iomlán**.

I gcás aon iarrthóirí a toghadh cheana féin, scríobh líon an chuóta ina gcolún **Iomlán**.

Suimigh an colún Iomlán don chomhaireamh seo. Ba cheart go bhfaighfí an t-iomlán céanna i gcomhair gach comhaireamh.

**Tabhair faoi deara:** Sa sampla seo, tá Jackie fágtha gan aon pháipéar ballóide ina carn ag deireadh an tríú comhaireamh.

### SLEAMHNÁN 27

Seiceáil má d'éirigh le haon iarrthóir an cuóta a bhaint amach.

Más rud é gur shroich aon iarrthóir an cuóta nó má sháraigh siad é, cinntear gur toghadh iad.

Murar shroich aon iarrthóir an cuóta, cuir an t-iarrthóir leis an líon vótaí is lú as an áireamh.

**SLEAMHNÁN 28**

Coinnigh ort ag comhaireamh leis an modh céanna go dtí

- go líontar gach suíochán le hiarrthóirí a shroich an cuóta

nó

- gurb ionann líon na suíochán atá le líonadh agus líon na n-iarrthóirí atá fós san iomaíocht

Más ionann líon na suíochán atá le líonadh agus líon na n-iarrthóirí atá fós san iomaíocht, fógair gur toghadh na hiarrthóirí sin atá fágtha, fiú murar shroich siad an cuóta.

Scríobh ainm an iarrthóra a toghadh sa tábla torthaí faoi **Iarrthóirí tofa**.

Nuair atá an dá shuíochán líonta agat, tá an comhaireamh críochnaithe.

## Gníomhaíocht fairsingithe

Anois agus a fhios agat conas vótaí a chomhaireamh i dtoghchán PR-STV, d'fhéadfá bréagthoghchán iomlán a reáchtáil sa rang nó ar fud na scoile. Cruthaigh do pháipéir bhallóide féin nó féach ar phlean ceachta na sraithe sinsearaí **Gníomh daonlathais: Bréagthoghchán a reáchtáil le PR-STV**, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Thithe an Oireachtais.

# Conclúid

## Vóta a chaitheamh i do thoghcheantar

Tabhair cóip den **Bhileog oibre** do gach scoláire: **Vóta a chaitheamh i do thoghcheantar** (féach leathanach 28) agus iarr orthu é a líonadh mar obair bhaile nó sa rang.

## Plé

Pléigh an comhaireamh leis an rang leis na ceisteanna seo a leanas:

- Conas a d'éirigh leis an gcomhaireamh?
- An raibh sé éasca a thuiscint?
- An raibh an toradh cothrom?
- Cad a cheapann na scoláirí faoin gcóras toghcháin PR-STV ar an iomlán?
- Conas atá sé i gcomparáid le córais eile go bhfios daoibh, ar nós an chéad duine abhaile agus an córas dhá bhabhta?
- Má tá aon phoist tofa sa scoil ar nós comhairle na scoile nó cinnirí, cén córas a úsáidtear chun iad a thoghadh?
- An mbeifí in ann PR-STV a úsáid i dtoghcháin sa scoil seo?
- D'fhéadfá na tuairimí a thug na scoláirí ina mbileoga oibre a phlé freisin.

# Bileog breacnótaí

## Vótaíocht bhailí

*Vótaíocht iomlán - vótaí millte = Vótaíocht bhailí*

## Cuóta

$$\left(\frac{\textit{Vótaíocht Bhailí}}{\textit{suíocháin} + 1}\right) + 1 = \textit{Cuóta}$$

$$\left(\frac{\quad}{\quad}\right) + 1 =$$

## Luach na bpáipéar ballóide barrachais a aistríodh chuig gach iarrthóir sa dara comhaireamh

$$\frac{\textit{PáipéirBhallóideAistrithe X Barrachas}}{\text{IomlánnamBallóidíInaistrithe}} = \text{Vótaí a aistríodh}$$

**Polly Bird** $\frac{3 \text{ X } 8}{24}$ = ________

**Coco Kelly** $\frac{\quad \text{ X } 8}{24}$ = ________

**Jackie Russell** $\frac{\quad \text{ X } 8}{24}$ = ________

**Kevin “Rasher” Ryan** $\frac{\quad \text{ X } 8}{24}$ = ________

# An tábla torthaí

| | |
|---|---|
| **Vótaíocht iomlán** | |
| **Millte** | |
| **Vótaíocht bhailí** | |
| **Suíocháin** | **2** |
| **Cuóta** | |

| **TOFA** |
|---|
| **1.** |
| **2.** |

| | **Comhaireamh 1** | **Comhaireamh 2** | | **Comhaireamh 3** | | **Comhaireamh 4** | | **Comhaireamh 5** | | **Comhaireamh 6** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Votes** | Aistrigh | **Iomlán** | Aistrigh | **Iomlán** | Aistrigh | **Iomlán** | Aistrigh | **Iomlán** | Aistrigh | **Iomlán** |
| BIRD, Polly | | | | | | | | | | | |
| FARMER, Bella | | | | | | | | | | | |
| KELLY, Coco | | | | | | | | | | | |
| RUSSELL, Jackie | | | | | | | | | | | |
| RYAN, Kevin “Rasher” | | | | | | | | | | | |
| Páipéir neamh-inaistrithe | | | | | | | | | | | |
| Iomlán | | | | | | | | | | | |

# Bileog leideanna an tábla torthaí

| | |
|---|---|
| Vótaíocht iomlán | 48 |
| Millte | 3 |
| Vótaíocht bhailí | 45 |
| Suíocháin | 2 |
| Cuóta | 16 |

| TOFA |
|---|
| 1. Bella Farmer |
| 2. |

| | Comhaireamh 1 | Comhaireamh 2 | | Comhaireamh 3 | | Comhaireamh 4 | | Comhaireamh 5 | | Comhaireamh 6 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Votes** | Aistrigh | **Iomlán** | Aistrigh | **Iomlán** | Aistrigh | **Iomlán** | Aistrigh | **Iomlán** | Aistrigh | **Iomlán** |
| BIRD, Polly | **5** | +1 | **6** | | | | | | | | |
| FARMER, Bella | **24** | -8 | **16** | | **16** | | | | | | |
| KELLY, Coco | **8** | +1 | **9** | | | | | | | | |
| RUSSELL, Jackie | **1** | +4 | **5** | -5 | **0** | | | | | | |
| RYAN, Kevin “Rasher” | **7** | +2 | **9** | | | | | | | | |
| Páipéir neamh-inaistrithe | | | | | | | | | | | |
| Iomlán | **45** | | **45** | | | | | | | | |

# Cártaí ionaid x 6

Fill na leathanaigh 14-19 ar na línte briste ionas go mbíonn cártaí ionaid na n-iarrthóirí ina seasamh ar bhord.



**BIRD**
**Polly**



**BIRD**
**Polly**



**BIRD**
**Polly**



**FARMER**
**Bella**



**FARMER**
**Bella**



**FARMER**
**Bella**



**RUSSELL**
**Jackie**



**RUSSELL**
**Jackie**



**RUSSELL**
**Jackie**



RYAN
Kevin
“Rasher”



RYAN
Kevin
“Rasher”



RYAN
Kevin
“Rasher”



**KELLY**

**Coco**



**KELLY**

**Coco**



**KELLY**

**Coco**



# VÓTAÍ MILLTE



# VÓTAÍ MILLTE



# VÓTAÍ MILLTE



| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | 2 |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Caillíneach**<br>Bella Farmer |  | 1 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | 3 |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Caillíneach**<br>Jackie Russell |  | 4 |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin "Rasher" Ryan |  | |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | 1 |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Caillíneach**<br>Bella Farmer |  | |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Caillíneach**<br>Jackie Russell |  | |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin "Rasher" Ryan |  | 2 |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | 1 |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Caillíneach**<br>Bella Farmer |  | |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Caillíneach**<br>Jackie Russell |  | |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin "Rasher" Ryan |  | 2 |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | 1 |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Caillíneach**<br>Bella Farmer |  | 2 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Caillíneach**<br>Jackie Russell |  | 3 |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin "Rasher" Ryan |  | |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | 1 |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Caillíneach**<br>Bella Farmer |  | |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Caillíneach**<br>Jackie Russell |  | |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin "Rasher" Ryan |  | 2 |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | 1 |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Caillíneach**<br>Bella Farmer |  | |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Caillíneach**<br>Jackie Russell |  | 3 |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin "Rasher" Ryan |  | 2 |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 1 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | 3 |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | 2 |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin “Rasher” Ryan |  | |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 1 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | 3 |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | 2 |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin “Rasher” Ryan |  | |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Non-party**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 1 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | 3 |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | 2 |
| **RYAN –**<br>**Non-party**<br>Kevin “Rasher” Ryan |  | |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Non-party**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 1 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | 3 |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | 2 |
| **RYAN –**<br>**Non-party**<br>Kevin “Rasher” Ryan |  | |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 1 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | 2 |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin “Rasher” Ryan |  | |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | 1 |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin “Rasher” Ryan |  | |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 2 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | 1 |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | 3 |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin “Rasher” Ryan |  | |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 3 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | 1 |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | 2 |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin “Rasher” Ryan |  | |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 2 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | 1 |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | 3 |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin “Rasher” Ryan |  | |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 3 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | 1 |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | 2 |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin “Rasher” Ryan |  | |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 2 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | 1 |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | 3 |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin “Rasher” Ryan |  | 4 |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | 1 |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin “Rasher” Ryan |  | |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Non-party**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Caillíneach**<br>Bella Farmer |  | 2 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | 1 |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Caillíneach**<br>Jackie Russell |  | 3 |
| **RYAN –**<br>**Non-party**<br>Kevin "Rasher" Ryan |  | |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Non-party**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Caillíneach**<br>Bella Farmer |  | 1 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Caillíneach**<br>Jackie Russell |  | 3 |
| **RYAN –**<br>**Non-party**<br>Kevin "Rasher" Ryan |  | 2 |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Non-party**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Caillíneach**<br>Bella Farmer |  | 1 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | 3 |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Caillíneach**<br>Jackie Russell |  | |
| **RYAN –**<br>**Non-party**<br>Kevin "Rasher" Ryan |  | 2 |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Non-party**<br>Polly Bird |  | 3 |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Caillíneach**<br>Bella Farmer |  | 1 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Caillíneach**<br>Jackie Russell |  | |
| **RYAN –**<br>**Non-party**<br>Kevin "Rasher" Ryan |  | 2 |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Non-party**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Caillíneach**<br>Bella Farmer |  | 1 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | 4 |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Caillíneach**<br>Jackie Russell |  | 3 |
| **RYAN –**<br>**Non-party**<br>Kevin "Rasher" Ryan |  | 2 |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Non-party**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Caillíneach**<br>Bella Farmer |  | 1 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | 3 |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Caillíneach**<br>Jackie Russell |  | 2 |
| **RYAN –**<br>**Non-party**<br>Kevin "Rasher" Ryan |  | |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 1 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | 3 |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | 2 |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin “Rasher” Ryan |  | |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 1 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | 2 |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin “Rasher” Ryan |  | 3 |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 1 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | 2 |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin “Rasher” Ryan |  | 3 |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 1 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | 2 |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin “Rasher” Ryan |  | 3 |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 1 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | 2 |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin “Rasher” Ryan |  | 3 |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 1 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | 2 |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin “Rasher” Ryan |  | 3 |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 1 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | 2 |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin "Rasher" Ryan |  | 3 |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 1 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | 2 |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin "Rasher" Ryan |  | |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 1 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | 2 |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin "Rasher" Ryan |  | |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | 2 |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 1 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | 3 |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | 4 |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin "Rasher" Ryan |  | |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | 2 |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 1 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | 3 |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | 4 |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin "Rasher" Ryan |  | |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | 3 |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 1 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin "Rasher" Ryan |  | 2 |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | 3 |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 1 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | 4 |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin “Rasher” Ryan |  | 2 |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | 2 |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin “Rasher” Ryan |  | 1 |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 3 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | 4 |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | 2 |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin “Rasher” Ryan |  | 1 |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | 2 |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 3 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin “Rasher” Ryan |  | 1 |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Non-party**<br>Polly Bird |  | 3 |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 2 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | 4 |
| **RYAN –**<br>**Non-party**<br>Kevin “Rasher” Ryan |  | 1 |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Non-party**<br>Polly Bird |  | 2 |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 3 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | 4 |
| **RYAN –**<br>**Non-party**<br>Kevin “Rasher” Ryan |  | 1 |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Non-party**<br>Polly Bird |  | 3 |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | 2 |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | |
| **RYAN –**<br>**Non-party**<br>Kevin "Rasher" Ryan |  | 1 |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Non-party**<br>Polly Bird |  | 2 |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 4 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | 3 |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin "Rasher" Ryan |  | 1 |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | 2 |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | 1 |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin "Rasher" Ryan |  | |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | 4 |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | 3 |
| **RYAN –**<br>**Neamh-pháirtí**<br>Kevin "Rasher" Ryan |  | 2 |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Non-party**<br>Polly Bird |  | |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | X |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | X |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | |
| **RYAN –**<br>**Non-party**<br>Kevin "Rasher" Ryan |  | X |

| | | |
|---|---|---|
| **BIRD –**<br>**Non-party**<br>Polly Bird |  | aon |
| **FARMER –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Bella Farmer |  | cheann |
| **KELLY –**<br>**An Páirtí Féilíneach**<br>Coco Kelly |  | acu |
| **RUSSELL –**<br>**An Páirtí Cainíneach**<br>Jackie Russell |  | seo |
| **RYAN –**<br>**Non-party**<br>Kevin "Rasher" Ryan |  | |

# Bileog oibre

## Vóta a chaitheamh i do thoghcheantar

Cuardaigh doiciméad na dtorthaí olltoghcháin is déanaí don Dáil ar leathanach Toghcháin Thithe an Oireachtais, **www.oireachtas.ie/ga/election-results/**.

Aimsigh an leathanach ar a dtugtar na torthaí i gcomhair do thoghcheantair agus líon an bhileog oibre isteach.

<table>
<tr><td>Dáilcheantar:</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Dáta an toghcháin:</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Cá mhéad suíochán atá i do thoghcheantar?</td><td></td><td rowspan="4"></td><td rowspan="4">Cé hiad na Teachtaí Dála i do thoghcheantar?</td></tr>
<tr><td>Cá mhéad iarrthóir a sheas sa toghchán?</td><td></td></tr>
<tr><td>Cén céatadán de na toghthóirí a chaith vóta?</td><td></td></tr>
<tr><td>Cén céatadán de mhná iad na Teachtaí Dála i do cheantar?</td><td></td></tr>
<tr><td>Cé hiad na hiarrthóirí, más ann dóibh, a shroich an cuóta ar an gcéad chomhaireamh?</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Cén t-iarrthóir a fuair an méid is mó vótaí céadrogha?</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Cén t-iarrthóir a fuair an méid is mó vótaí aistrithe?</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Cé hiad na hiarrthóirí, más ann dóibh, a toghadh gan an cuóta a fháil?</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Má tá aon tuairim agat faoin méid a insítear dúinn faoin toghchán leis an vótáil, scríobh anseo iad.</td><td colspan="3"></td></tr>
</table>